An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2004

*"ag cur chun cinn agus ag tacú*
*le folláine an teaghlaigh agus an phobail"*



An Ghníomhaireacht Um Thacaíocht Teaghlaigh,
Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 611 4100
Facs: 01 676 0824

## Clár


**1. Ráiteas an Cathaoirleach 4**

**2. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh 6**

**3. An Bord 8**

**4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha 10**

4.1 Ról 10

4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha 10

**5. Obair na Gníomhaireachta i 2004 12**

5.1 Dul Chun Cinn i 2004 12

5.2 Airgeadais agus Cuntais 13

5.3 An Clár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail 14

5.4 Deontais do Sheirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Leanaí agus Méala 17

5.5 Seirbhís Eadrána Teaghlaigh 20

5.6 Taighde agus Faisnéis 23

**6. Aguisíní 26**

Aguisín 1 Cruinnithe Boird 1 2004 agus Foghrúpaí an Bhoird 26

Aguisín 2 Feidhmeanna Reachtúla na Gníomhaireachta 27

Aguisín 3 Tuarascálacha faoin gClár um Thaighde Teaghlaigh 29

Aguisín 4 Struchtúr na hEagraíochta agus a Foireann i 2004 30

Aguisín 5 Áitribh na Gníomhaireachta 32

Aguisín 6 Ráitis Airgeadais 34

# 1. Ráiteas an Cathaoirleach

# 1. Ráiteas an Cathaoirleach

Michael Uas. O'Kennedy
Cathaoirleach

Is cúis áthais dom an 2ú Tuarascáil Bhliantúil den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chur i láthair an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tugtar sa Tuarascáil seo sonraí na hoibre a rinne an Ghníomhaireacht i 2004.

Seoladh ár bplean straitéise trí bliana i 2004, ina leagtar síos treo, cuspóirí agus gníomhaíocht na Gníomhaireachta. Shocraigh an plean sin cúig thosaíocht straitéiseacha agus is mór mo mhuinín gur baineadh dul chun cinn nár bheag amach thar na cúig réimse sin ar fad i gcaitheamh na bliana sin, atá thart anois.

Is iad na príomhsheirbhísí lena dtacaíonn an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ná an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh, tacaíocht i gcomhair eagraíochtaí deonacha a sholáthraíonn comhairliúchán agus seirbhísí eile mar thaca do theaghlaigh agus tacaíocht leanúnach do na hIonaid um Acmhainní Teaghlaigh, a fuair an cúnamh ba mhó riamh i 2004, maidir le heagrúchán, le riarachán agus le cúnamh airgeadais.

Feidhm thábhachtach de chuid na Gníomhaireacht is ea taighde, agus foilsíodh ceithre cinn de thionscadail thábhachtacha dár gcuid i 2004.

Tá obair éachtach curtha i gcrích ó bunaíodh an Ghníomhaireacht i Mí na Bealtaine 2003, agus sa tréimhse sách gairid sin tá áit bainte amach di féin ag an nGníomhaireacht maidir le tacaíocht um sheachadadh agus forbairt seirbhísí tacaíochta den scoth do theaghlaigh. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann uile na Gníomhaireachta, faoi stiúradh Pat Bennett, mar Phríomhfheidhmeannach, as ucht a gcuid oibre crua agus a ndílseachta. Ba mhaith liom, chomh maith céanna, mo buíochas a chur in iúl do mo chomhaltaí ar an mBord as ucht a dtacaíochta agus a ndúthrachta le linn 2004.

Mar fhocal soir, gabhaim buíochas le Séamus Uasal Brennan, T.D., mar Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus le hoifigigh a Roinne as ucht a dtacaíochta leanúnaí i 2004.

**Michael O'Kennedy**
*Cathaoirleach*

# 2. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

# 2. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Pat Uas. Bennett
Príomhfheidhmeannach

Ba í an bhliain 2004 an chéad bhliain dár bPlean Straitéise 2004-2006 Strategic Plan, agus is cúis áthais dom a chur in iúl gur mór an dul cinn atá déanta ó shin, maidir leis an bplean sin a chur i bhfeidhm.

Soláthraíodh maoiniú €8.398 milliún do 75 Ionad Acmhainní Teaghlaigh, ar a n-áirítear 12 Ionad a cuireadh leis an gClár i 2004. Táimid i riocht sármhaith anois chun an sprioc 100 Ionad a bheith sa Chlár sula dtiocfaidh deireadh lenár bPlean Straitése reatha i 2006.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na ndaoine a úsáideann Ionaid Eadrána Teaghlaigh na Gníomhaireachta; 1,491 lánúin a d'usáid an tseirbhís i 2004, rud is méadú 6% thar an mbliain roimpi.

Ba chúis áthais, leis, mar ar éirigh linn maoiniú os cionn €7.61 milliún a chur ar fáil do 500 eagras deonacha agus pobail a chuireann seirbhísí comhairliúcháin ar fáil. Sin méadú €600,000 thar mhaoiniú 2003.

Áirítear ar bhuaiceanna 2004 ár gComhdháil san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneain, nuair a bhí deis againn bualadh lenár lucht leasmhara agus plé a dhéanamh faoi na bealaí is fearr is féidir linn tacú le teaghlaigh i sochaí ag dul faoi athrú.

Cuireadh an chéad chéim den Chlár um Thaighde Teaghlaigh i gcrích i gcaitheamh na bliana, chomh maith, agus foilsíodh an chéad Chairt do Chustaiméirí de chuid na Gníomhaireachta.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach ón Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Séamus Uasal Brennan, T.D., agus ó oifigigh a Roinne le linn na bliana. Ní fhéadfaimis ár gcuid oibre go léir a chuir i gcrích gan a gcuid tacaíochta.

Leanann Cathaoirleach na Gníomhaireachta Michael Uasal O'Kennedy S.C., agus comhaltaí an Bhoird de scoth na tacaíochta a thabhairt domsa agus d'fhoireann uile na Gníomhaireachta, agus táim buíoch díobh dá bharr sin.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do gach ball den fhoireann agus do gach eagras foirne as ucht a ndílseachta leanúnaí agus ndúthrachta, maidir le seirbhísí na Gníomhaireachta a sheachadadh.

Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a thabhairt daoibhse, na soláthróirí seirbhísí lena mbímid ag obair, as ucht bhur dtacaíochta agus bhur ndúthrachta. Táim ag súil go mór le leanúint de na seirbhisí tacaiochta do theaghlaigh a fhorbairt sna blianta atá romhainn.

Pat Bennett

**Pat Bennett**
*Príomhfheidhmeannach*

# 3. An Bord

# 3. An Bord

Tá comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh arna gceapadh ag an an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá saineolas agus taithí ag na comhaltaí a cheaptar sna réimsí seo a leanas: seirbhísí teaghlaigh agus pobail, comharliúchán, eadráin teaghlaigh agus dlí teaghlaigh.

Cathaoirleach

**Michael Uas. O'Kennedy**
Abhcóide Sinsir

Baill

**Clare Uas. Cashman**
Comhordaitheoir Tionscadail, Ionad Acmhainní na Mílaoise, Baile an Gharraí, Co. Thiobraid Árann

**Paddie Uas. Connellan**
Ball den Choiste Cuartaíochta Príosún, Banaltra, Cumhartheiripeoir agus Reifléacseolaí

**Margaret Uas. Farrell**
Ionadaí Foirne

**Sinéad Uas. Hanly**
Comhairleoir, Comhairleach Taighde agus Abhcóide cáilithe

**Dick Uas. Hickey**
Stiúrthóir, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Naomh Bríd, Port Láirge

**Gerry Uas. Mangan**
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

**Brendan Uas. Murphy**
Síceolaí agus Ball d'Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann

**Dilly Uas. O'Brien**
An Roinn Sláinte agus Leanaí

**An Dr Colm O'Connor**
Síceolaí Cliniciúil agus Stiúrthóir, Ionad Comhairliúcháin Pósta Chorcaí

**Brid Uas. Rocks**
Leas-Phríomhoide, Meánscoil Bush, Dún Dealgan, Diop. i gComhairliúchán & Síciteiripe

**Muriel Uas. Walls**
Aturnae agus saineolaí dlí teaghlaigh

Féach Aguisín 1 maidir le -

- Cruinnithe Boird i 2004
- Fo-Ghrúpaí den Bhord

# 4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

# 4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

## 4.1 Ról

Tá an ról atá ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, maidir le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus le polasaí um theaghlaigh arna shainmhíniú go soiléir. Tugtar cur síos ar fheidhmeanna na Gníomhaireachta, de réir mar a leagadh síos iad san Acht fán Ghníomhaireacht Thacaíochta Teaghlaigh, 2001, in Aguisín 2.

## 4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha

Sheol an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh an chéad Phlean Straitéise dá cuid i 2004. Sa Straitéis sin, a cuireadh le chéile i gcomhar lena páirtithe leasmhara, cúig Thosaíocht Straitéiseacha don Ghníomhaireacht sa tréimse trí bliana 2004 go 2006:

- Tacú le teaghlaigh agus iad a neartú trí sheirbhísí tacaíochta ar ardcháilíocht a sholáthar do theaghlaigh ar fud na tíre.
- Timpeallacht thacúil pobail a chothú do theaghlaigh i gcomhar leis an bpobal agus leis na hearnála deonacha agus reachtúla.
- Cur le héifeachtúlacht polasaí agus seirbhísí teaghlaigh trí thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar ábhair a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta nó le nithe eile mar a iarrann an tAire.
- An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chur chun cinn mar sholáthraí seirbhísí tacaíochta agus faisnéise maidir le teaghlaigh in Éirinn.
- Timpeallacht a chruthú ina n-aithnítear luach na foirne sa Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus a thacaíonn lena bhforbairt leanúnach.

Leagtar síos sna cúig Thosaíocht Straitéiseacha treo foriomlán don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh i 2004, i 2005 agus i 2006.

# 5. Obair na Gníomhaireachta i 2004

# 5. Obair na Gníomhaireachta i 2004

## 5.1 Dul Chun Cinn i 2004

Le linn 2004, lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh den phróiseas ina mbunaítear saineagraíocht nua, ag feidhmiú faoi choimirce an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus í ag an am céanna ag cur a nDualgais Reachtúla i gcrích agus ag seachadadh a Tosaíochtaí Straitéiseacha.

Áirítear i measc na nithe a chuir an Ghníomhaireacht i gcrích i 2004 ina leith sin:

- An chéad Phlean Straitéiseach de chuid na Gníomhaireachta arna sheoladh
- Céim a hAon den Chlár um Thaighde Teaghlaigh arna cur i gcrích
- An chéad Chairt do Chustaiméirí de chuid na Gníomhaireachta arna foilsiú
- Seirbhís Eadrána Teaghlaigh arna seachadadh go díreach chuig 1491 lánúin ar fud na tíre
- 75 Aonad Acmhainní Teaghlaigh (cuireadh 12 Aonad nua leis an gClár i 2004) arna maoiniú
- Maoiniú tugtha do 523 Eagras Deonacha agus Pobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin
- Comhdháil arna reáchtáil ar an 10ú Bliain ó Bhliain Idirnáisiúnta an Teaghlaigh

Chun na nithe sin a chur i gcrích, theastaigh:

- Gealltanas leanúnach um oiliúint agus forbairt foirne – cuireadh PMDS i bhfeidhm i 2004
- Gealltanas um Páirtíocht – bunaíoch chéad Choiste Páirtíochta na Gníomhaireachta i 2004
- Comhairliúchán rialta le lucht leasmhara – aontaíodh Próiseas foirmeálta lenár lucht leasmhara i 2004

Aithníonn an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh an tacaíocht leanúnach a thug an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i 2004. Tá gá leis an tacaíocht sin agus an Ghníomhaireacht ag obair i dtreo a sprice maidir le struchtúir riaracháin agus córais tacaíochta dá cuid féin a bhunú.

Tá cur síos ar struchtúr eagraíochta agus ar fhoireann na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh in Aguisín 4. Tá 15 áitreabh ar fud na tíre ag anGníomhaireachta, mar a thugtar in Aguisín 5.

## 5.2 Airgeadas agus Cuntais

Fuair an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh cionnroint €20.185m de bhuiséad i 2004. Cheadaigh an buiséad sin leanúnachas agus forbairt na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu. Tá Cuntais agus Ráiteas Airgead 2004 na Gníomhaireachta in Aguisín 6.

## 5.3 An Clár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail

Tá sé mar fhreagracht ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tacaíocht a thabhairt don Chlár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail agus as an gclár sin a chur chun cinn agus a fhorbairt.

**Tosaíochtaí na Straitéise**

Is é atá mar phríomhaidhm ag an gClár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail deireadh a chur le míbhuntáiste i measc daoine trí feabhas a chur ar fheidhmiú an teaghlaigh, mar aonad. Cuireann sé an bhéim ar rannpháirtíocht na bpobal áitiúla, maidir le cur chuige a fhorbairt chun déileáil le fadhbanna agus chun páirtíocht rathúil a fhorbairt i measc gníomhaireachtaí deonacha agus pobail a gceantar. Bíonn na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh ag feidhmiú de réir cleachtas agus as prionsabal um fhorbairt pobail ina mbíonn daoine as grúpaí imeallaithe agus goiliúnacha páirteach agus a bhaineann le ceantair faoi míbhuntáiste ag gach leibhéal den tionscadal.

**Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí**

Tá na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí dá dtugann na hionaid acmhainní taca dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil a shásamh. Buanaíonn siad éirim fhorbartha pobail agus prionsabal na cuimsitheachta, mar luacha lárnacha den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh:

- Faisnéis, comhairle agus tacaíocht a sholáthar do spriocghrúpaí agus do theaghlaigh sa cheantar.
- Cabhair phraiticiúil a thabhairt do ghrúpaí pobail, i bhfoirm oiliúna, faisnéise agus comhairle.
- Cúrsaí oideachais agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil.
- Áiseanna u, chúram leanaí a sholáthar do dhaoine ag freastal ar chúrsaí curtha ar fáil faoin tionscadal.
- Rannpháirtíocht na bhfear i saol an phobail.
- Grúpaí do Thuismitheoirí Aonair.
- Grúpaí ban.

- Úsáid ionad áitiúla mar ionaid chomhchruinnithe i gcomhair grúpaí éagsúla agus seirbhísí éagsúla, mar shampla, C.I.C., MABS, AA, cruinnithe áitritheoirí, srl.
- Clubanna iarscoile.

**Príomhionaid arna Maoiniú**

Ó cuireadh tús leis an gClár i 1994, tá méadú tagtha ar líon na bpríomhionad maoinithe ó 10 ionad i 1994 go 75 ionad i 2004:

### Príomhionaid Acmhainní Teaghlaigh arna maoiniú 1994-2004




Méadaíodh an maoiniú don Chlár ó €317,000 (£250,000) i 1994 go €8.398m i 2004. Tugtar in Aguisín 3 Ionaid uile an Chláir ar an 31 Mí na Nollag 2004. Geallann Páirtíocht 2000 go mbeidh100 Ionad Acmhainní Teaghlaigh sa Chlár faoi dheireadh 2006:

### Maoiniú d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh 1994-2004 (€m)



**Obair i gcomhar**

Cothaíonn an Ghníomhaireacht obair i gcomhar idir Ionaid Acmhainní Teaghlaigh agus ar leibhéil áitiúla agus náisiúnta. Chun gréasáin mar sin a neartú, tugadh €25,000 mar chionroinnt don Fhóram Náisiúnta um Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (FRC) i 2004. Bhí cruinniú gach ráithe ag an nGníomhaireacht le Fóram Náisiúnta FRC.

**Measúnú**

Trí phróiseas tairisceana, d'fhostaigh an Ghníomhaireacht Nexus Research Co-operative chun samhail um measúnú a leathadh go dtí gach Tionscadal sa Chlár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail. Cuireadh tús leis an oiliúint i Mí na Samhna 2004, agus táthar ag súil lena chríochnú faoi dheireadh Mhí na Bealtaine 2005.

**Gníomhaireachtaí Tacaíochta**

Rinne an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta athruithe ar struchtúir na nGníomhaireachtaí Tacaíochta, rud a laghdaigh líon na dTionscadal um Fhorbairt Pobail ó 13 go 6. Bunaíodh foghrúpa de Bhord na Gníomhaireachta chun athbhreithniú a dhéanam ar na struchtúir tacaíochta laistigh den Chlár um Ionaid Acmhainní Teaghlaigh. Tar éis dul i gcomhairle leis na Gníomhaireachtaí Tacaíochta agus le Fóram Náisiúnta an FRC, ghlac an Ghníomhaireacht cinneadh dul ar aghaidh leis an struchtúr atá in áit cheana féin.

## 5.4 Deontais do Sheirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Leanaí agus Méala

Is í an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a dhéanann na Seirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Leanaí agus Méala a riaradh. Tá sé mar fhreagracht ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí comhairliúcháin um pósadh agus caidreamh, ullmhúchán do shaol an phósta agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh.

Bíonn scéim na nDeontas dírithe ar na nithe seo a leanas: seirbhísí tacaíochta teaghlaigh sa phobal a fhorbairt, cabhrú le buanú shaol an teaghlaigh agus cabhrú le teaghlaigh agus le baill teaghlaigh aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a shaoil. Is é is aidhm don scéim, seirbhís níos mó agus níos fusa le rochtain, agus an caighdeán is airde is féidir a bhaint amach, ó thaobh seirbhíse de.

Cuireadh iomlán €7.610m ar fáil mar chionroinnt i 004 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gclár seo (€7.009m i 2003) Chuimsigh an chionroinnt sin soláthar buiséid €149,000 i gcomhar na dtionscadal speisialta seo a leanas:

- €50,000 do Phríomhoifig ACCORD, mar chúnamh um oiliúint, cáiliú nó a chomhionann, maidir le comhairleoirí ACCORD.
- €29,000 do Sheirbhísí Méala Leanaí Barnardo (Solas), mar chúnamh chun a Samhail um fhaisnéisiú struis iar dteagmhas cinniúnach a fhorbairt (C.I.S.D.).
- €20,000 do Chomhionannas Tuismitheoireachta, mar chúnamh chun forbairt a dhéanamh ar a gclár um thuismitheoireacht do lánúnacha scartha.
- €50,000 do ghréasánú in earnáil an chomhairliúcháin.

**Iarratais i 2004**

- 535 eagraíocht a d'iarr maoiniú, agus 523 a fuair deontas.
- Chuaigh na suimeanna a iarradh thar €16 milliún.
- 117 a chuir iarratas um chúnamh deontais isteach den chéad uair.
- Rinneadh na hiarratais a mheas de réir chritéir na Scéime a fuair formheas ón Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

**Cionroinnt an Mhaoinithe i 2004**

Is iad na cuspóirí a rialaíonn cionroinnt an mhaoinithe ná:

- Infheistiú leanúnach i soláthróirí seanbhunaithe seirbhisí, ionas gur féidir leo a ról ceannais a bhuanú, maidir le seirbhísí comhairliúcháin den scoth a sholáthar.
- Gréasán réigiúnda de thacaíocht inrochtana a sholáthar trí infheistíocht i soláthróirí tábhachtacha seirbhisí in eochaircheantair thábhachtacha ar fud na tíre.
- Tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil d'eagraíochtaí a bhíonn ag soláthar seirbhisí do phobail faoi mhíbhuntáiste.

**Léargas ar mhaoiniú i 2004, mar seo leanas:**

- Fuair eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh agus leanaí arduithe ina gcionroinnt maoinithe, ach amháin i gcásanna nár iarradh ardú.
- Fuair formhór na n-eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh suimeanna sa réimse €2,000 go €65,000 maidir leis na seirbhísí sin.
- Fuair formhór na n-eagraíochta ag soláthar clár mar ullmhú don phósadh cionroinnt sa réimse €1,000 go €12,000 ina leith sin.
- Fuair formhór na ngrúpaí a chuireann comhairleoireacht leanaí ar fáil cionroinnt idir €1,000 agus €18,000 agus formhór na ngrúpaí tacaíochta um méala cionroinnt idir €500 agus €11,000.
- Cuireann formhór na ngrúpaí, seachas iad siúd a thugann tacaíocht um méala, níos mó ná seirbhís amháin ar fáil, m.sh. cuireann a lán de na heagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh cláracha um scaradh pósta ar fáil chomh maith.

Seo leanas miondealú ar chionroinnt an mhaoinithe i gcoitinne thar na seirbhísí éagsúla:

| Aicme Deontas | Suim an Mhaoinithe |
|---|---|
| Comhairleoireacht um Pósadh | €4,375,235 |
| Ullmhúchán don Phósadh | € 783,970 |
| Comhairliúchán do Leanaí | €1,002,290 |
| Comhairliúchán/Tacaíocht um Méala | €1,299,505 |
| **Iomlán** | **€7,461,000** |




**Measúnú Seirbhísí**

Tugadh cuairt ar thart faoi 53 eagraíocht ar fud na tíre i 2004 chun caighdeán agus cineál na seirbhíse a bhí á soláthar acu a mheasúnú. Éascaíonn cuairteanna mar iad sin, chomh maith, gréasán teangmhála a fhorbairt chun tuairimí a chur ar ais chun na Gníomhaireachta um Thachaíocht Teaghlaigh, maidir le forbairt na seirbhísí sa todhchaí.

## 5.5 Seirbhís Eadrána Teaghlaigh

Tá an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach, chomh maith, ag an Seirbhís Eadrána Teaghlaigh, seirbhís ghairmiúil, rúnda in aisce do lánúin phósta agus neamhphósta atá meáite ar scaradh ó chéile nó ar cholscaradh a fháil agus a dteastaíonn uathu teacht ar réiteach maidir le téarma na scarúna nó an cholscartha le cabhair ó eadránaí oilte. Cabhraíonn eadráin teaghlaigh le lánúin atá ar tí a scartha breathnú ar na hacmhainní agus na roghanna atá ar fáil dóibh agus teacht ar réiteach ag teacht lena leas féin agus le leas a leanaí.

**Próiseas na hEadrána**

Nuair a thagann lánún chuig Ionad Eadrána Teaghlaigh feiceann a n-eadránaí an bheirt acu le chéile. Míníonn an t-eadránaí an próiseas dóibh ar an dóigh seo:

- gurb iad an lánúin lucht déanta cinneadh ar bith
- gurb é ról an eadránaí ná a gcainteanna a éascú agus a n-idirbheartaíocht a bhainistiú
- nach comhairleoir ná comhairleach dlí an t-eadránaí

Ag an seisiún tosaigh seo, cloiseann an t-eadránaí cén fáth go bhfuil eadráin de dhíth ar an lánúin, cad leis a bhfuil siad ag súil san eadráin agus cad iad na saincheisteanna is mian leo a phlé chun teacht ar réiteach. Ansin cruthaíonn an lánúin a gclár oibre féin de shaincheisteanna atá le plé san idirbheartaíocht.

Is minic a chuimsíonn ceisteanna in eadrán teaghlaigh na nithe seo a leanas:

- Teach cónaithe an teaghlaigh – cá gcónóidh gach duine agus cá gcónóidh na leanaí?
- Tuismitheoireacht – conas a roinnfidh na leanaí a gcuid ama idir a dtuismitheoirí, agus cén chumarsáid a bheidh ag na tuismitheoirí lena chéile, maidir leis na leanaí?
- Tacaíocht airgid – an dtabharfar cabhair do chéile amháin agus do na leanaí agus cé mhéid a bheidh ag gach duine acu mar airgead maireachtála?
- Pinsin – cad iad na teidlíochtaí ina leith agus conas a dhéanfar iad a dháileadh?
- Sócmhainní – conas a roinnfidh an lánún a gcuid sócmhainní?

- Fiacha – conas a láimhseoidh siad fiacha agus eisíocaíochtaí eile?
- Conas a chionroinnfear gach a bhfuil i dteach cónaithe an teaghlaigh?

Nuair a bhíonn an clár oibre leagtha amach roinneann na rannpháirtithe eolas faoina riachtanais airgeadais sa todhchaí. Cuireann siad bunús lena n-ioncam agus lena gcaiteachas – nuair atá sealúchas i gceist d'fhéadfadh gur ghá luacháil a fháil chomh maith le luach agus sochair scéimeanna pinsean. Mura mbíonn comhairle dlí iarrtha cheana féin ag an lánúin, d'fhéadfadh gá a bheith leis sin le linn na headrána.

Nuair thagann an lánúin ar chomhaontú faoi na saincheisteanna thuas, scríobhann an t-eadránaí Nóta de Chomhaontú Eadránaithe i ngnáthfhriotal. Tig leis an lánúin an Nóta de Chomhaontú Eadránaithe a thabhairt chuig a ndlíodóirí faoi seach chun Comhaontú Scarúna dlíthiúil a dhéanamh de. D'fhéadfadh idir dhá agus sé sheisiún a bheith ag teastáil chun eadráin teaghlaigh a thabhairt chun críche. Ag deireadh an phróisis, iarrtar ar na lánúin a bpáistí a bhreith leo chun na socruithe don todhchaí atá aontaithe acu a mhíniú i slí is go mbeidh a fhios ag na leanaí go bhfuil a leas siúd tábhachtacht dá dtuismitheoir i gcónaí.

Ceithre ionad déag do Sheirbhísí Eadrána Teaghlaigh atá ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ar fud na tíre sna háiteanna seo a leanas: Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Luimneach, agus tá Ionaid pháirtaimseartha Eadrána Teaghlaigh sna háiteanna seo a leanas: Baile Átha Luain, Baile Bhlainséir, Caisleán an Bharraigh, Dún Dealgan, Marino, Sligeach, Tamhlacht, Trá Lí, Port Láirge agus Loch Garman. D'aistrigh an Ghníomhaireacht a hIonad um Sheirbhís Eadrána Teaghlaigh i dTrá Lí go dtí áitreabh níos mó i Mí na Bealtaine, 2004. Tá an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ag beartí a cuid oifigí i mBaile Átha Luain, i Loch Garman, i bPort Láirge agus i Marino a aistriú go dtí áitribh níos mó i 2005. Tá bunú dhá ionad de bhreis arna fhormheas ag an nGníomhaireacht, ceann i Leitir Ceanainn agus an ceann eile i bPort Laoise. Táthar ag súil go n-osclófar iad araon i 2005.

**Sonraí Staidrimh**

Sa tréimhse 1986-1996 d'úsáid 250 lánúin, ar an meán, an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh. Tháinig méadú suntasach le blianta beaga anuas ar líon na ndaoine a bhíonn ag úsáid na Seirbhíse. Chabhraigh an tSeirbhís le 1491 lánúin – bhí 911 lánúin rannpháirteach sa phróiseas, bhí 182 lánúin ann nár lean de tar éis an tseisiún tosaigh, agus tugadh an 398 eile ar aghaidh isteach i 2005 agus eadráin fós ar siúl acu.

Seo leanas staitisticí iomlána 2004:

| Lánúineacha a fuair cabhair i 2004 (Figiúr Náisiúnta) | Líon na lánúineacha a ghlac páirt sa phróiseas eadrána | Líon na lánúineacha nár ghlac páirt tar éis a nglactha isteach | Líon na gcás a tugadh ar aghaidh go 2005 |
|---|---|---|---|
| 1491 | 911 | 182 | 398 |

| De réir Réigiún | Líon na lánúineacha páirteach in eadráin | Líon na lánúineacha a tháinig ar chomhaontú | Líon na lánúineacha a d'fhill ar a bpósadh | Líon na lánúineacha a fuair cabhair, ach nár chríochnaigh an próiseas |
|---|---|---|---|---|
| Oirthear | 466 | 277 (60%) | 15 (3%) | 174 (37%) |
| Gaillimh | 203 | 101 (50%) | 10 (5%) | 92 (45%) |
| Luimneach | 117 | 68 (58%) | 2 (2%) | 47 (40%) |
| Corcaigh | 125 | 78 (62%) | 1 (1%) | 46 (37%) |
| **Iomlán** | **911** | **524 (58%)** | **28 (3%)** | **359 (39%)** |

## Oifigí FMS in Éirinn

## 5.6. Taighde agus Faisnéis

### Taighde

Tá an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach as taighde a dhéanamh ar ghnóthaí a bhaineann lena feidhmeanna agus ar ábhar ar bith eile a n-iarrann an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh uirthi taighde a dhéanamh ina thaobh.

Le linn na bliana 2004, lean an Ghníomhaireacht dá cuid oibre go dlúth i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, maidir leis an gClár um Thaighde Teaghlaigh.

Sheol an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh Tréimhse 1 de Chlár Taighde na dTeaghlach i 1999. Bhí 14 tionscadal taighde sa Chlár faoi thopaicí i réimse ilghnéitheach i saol an dteaghlaigh, ar a n-áirítear pósadh, póstaí briste, tionchar na seirbhísí comhairliúcháin um chaidreamh, leanaí, scarúint tuismitheoirí, aithreacha, seantuismitheoirí agus cleachtais oibre atá báúil don teaghlach. Cuireadh an chéad chéim de Chlár Taighde na dTeaghlach i 2004, le seoladh na 4 tionscadal deiridh de na 14 a rinneadh a gcoimisiúnú:

- Distressed Relationships – Does Counselling Help? (a ciallaíonn 'Caidreamh in Anó – An Cabhair Comhairliúchán?')
- Strengthening Families Through Fathers (a chiallaíonn 'Neartú Teaghlach Trí Mheán a nAithreacha')
- From Child to Adult – A longitudinal Study of Irish Children and their Families (a chiallaíonn 'Ó Leanbh go hAosach – Staidéar Fadtréimhseach ar Leaní Éireannacha agus a dTeaghlaigh')
- Young Men on the Margins (a chiallaíonn 'Fir Óga ar an Imeall')

Tá cur síos in Aguisín 3 ar gach ceann de na 14 togra a foilsíodh faoin gClár um Thaighde Teaghlaigh.

Glacfaidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh an dara céim de Chlár Taighde na dTeaghlach ar láimh, laistigh dá cúram gnó, maidir le taighde. Sa chomhthéacs sin, tá Bord na Gníomhaireachta chun straitéis a bheartú chun an chéim sin den Chlár a chur chun cinn.

### Faisnéis

Tá ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh i gcur chun cinn cúrsaí a bhaineann le hoideachas i dtaobh an phósta agus an chaidrimh, na headrána, na tuismitheoireacha, le dualgas teaghlaigh agus le cúrsaí gaolmhara. Agus í ag

comhlíonadh na ndualgas sin, is amhlaidh a chuireann an Ghníomhaireacht chun cinn luach na seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus a mhéadaíonn feasacht an phobail i dtaobh na seirbhísí tacaíochta sin. Cuimsíonn an ról sin comhoibriú le húdaráis phoiblí eile chun faisnéis a sholáthar mar chúnamh do dhaoine ag iarraidh teacht ar réiteach idir a ndualgais don obair agus don teaghlach.

- An Plean Straitéise – D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht an chéad Phlean Straitéise dá cuid, a chlúdaíonn na blianta 2004-2006, ar an 11ú Mí na Bealtaine, 2004. Tá fócas láidir teaghlaigh sa Straitéis, a forbraíodh i gcomhar leis an lucht leasmhara, agus is é atá mar bhonn léi, muinín láidir sa cuimsitheacht shóisialta agus an tábhacht bhunúsach a bhaineann le teaghlaigh agus le saol an teaghlaigh don duine aonair, don phobal agus don sochaí i gcoitinne. Tugtar aird inti ar pholasaí Rialtais, ach go háirithe ar an bpolasaí um chuimsitheacht shóisialta, mar a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Gnímh ii gCoinne na Bochtaine agus na hEisiatachta Sóisialta

- Soláthar Faisnéise – Ar feadh 2004, bhí an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ag obair go dlúth in éineacht le heagraíochtaí eile (idir eagraíochtaí stáit agus neamhstáit), chun faisnéis a fhógairt agus a scaipeadh, maidir le cúrsaí a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta.

- Na Meáin, Léirithe agus Aighneachtaí – Chuir an Ghníomhaireacht altanna ar fáil do scata foilseachán. agus thug agallmha do nuachtáin agus ar an raidió. Chuir an Ghníomhaireacht scata aighneachtaí isteach, chomh maith, agus chuir léirithe i láthair ag comhdhálacha.

- Comhdháil – Rinne an Ghníomhaireacht Comhdháil a reáchtáil i nDeireadh Fómhair 2004, imar cheiliúradh ar an 10ú bliain ó bhí Bliain Idirnáisiúnta an Teaghlaigh ag na Náisiúin Aontaithe, mar atá, comhdháil faoin teideal: "An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ag tacú le teaghlaigh i sochaí atá ag athrú". Ba é príomhchuspóir na comhdhála ná iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh is fearr is féidir leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, i gcomhar lena lucht leasmhara, cur le tacaíocht do theaghlaigh i sochaí ag dul faoi athrú. Cuireadh tuarascáil i dtaobh na comhdhála le chéile, agus tá an tuarascáil sin ar fáil ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh.

